Curaclam Thuaisceart Éireann

# TURAIS

Eochairchéim: 1/2 Blianta: 4/5



## Na hEalaíona
- turais fuaime;
- ceoltóirí cáiliúla;
- cruth, dath agus patrún;
- tarraingt agus péintéireacht.

## Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint
- turas tríd an bheatha;
- sábháilteacht le linn taistil;
- difríochtaí náisiúnta;
- sochaí ilchultúrtha.

## An Domhan Thart Orainn
- idirspleáchas;
- áit;
- gluaiseacht agus fuinneamh;
- athrú le ham.

## Corpoideachas
- cruthaigh damhsa;
- gníomhaíochtaí agus gluaiseachtaí a bhaineann le turais;
- treoleanúint.

## FÓCAS

Taiscéalann na páistí an dóigh agus an chúis a ndéanamid turais agus na héifeachtaí a bhíonn acu ar shaol daoine eile agus ar ár saol féin. Taiscéalann siad a dturas féin tríd an saol agus cuireann siad eolas ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí a mhaireann ina gcomharsanacht féin agus machnaíonn siad ar na buntáistí a bhaineann le cónaí i sochaí ilchineálach. Iarrtar orthu tástáil agus seo a léiriú tríd an cheol agus an ealaín.

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
+44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk

Rewarding Learning



## SAMHLAIGH AN TURAS

### Rúin Mholta Foghlama

- Cuid de theanga amhairc na healaíne a thuiscint.
- Bheith in ann cuid de ghnéithe ar leith gnáthrúdaí a aithint ar a gcruth.
- Bheith eolach ar na dathanna a theastaíonn le cinn úra a mheascadh nó a dhéanamh.
- Bheith feasach ar phróiseas déanta ealaíne.

### Gníomhaíochtaí Molta

Roghnaigh turas a bhfuil gach duine eolach air, mar shampla, an turas chun na scoile, turas trasna Thuaisceart Éireann nó turas samhlaíoch as scéal. Spreag réimse idéanna a thiocfadh a shamhlú fad an turais. Bailigh eolas, cuimilteáin, pictiúir agus samplaí de rudaí a rachfaí tharstu fad an turais.

Úsáid eolas a bailíodh le labhairt ar na cruthanna. Ar phíosa páipéir, déan tástáil le tarraingt na gcruthanna. Pléigh éagsúlacht na línte a úsáideadh leis na cruthanna a chruthú, mar shampla, línte díreacha, línte le pointí nó línte fiarláin. Cuir cruthanna a chéile i gcomparáid agus i gcodarsnacht. Úsáid samhlaíocht le cur síos ar an rud a chuireann na línte i gcuimhne duit. Roghnaigh suas le deich gcruth agus gearr leaganacha níos mó as páipéar. Athchóirigh na cruthanna ar phíosa eile páipéir, ag cruthú féidearthachtaí úra, mar shampla, toit ó shimléar a dhéanamh d'abhainn.

Ar rolla mór de pháipéar trom, mar pháipéar cartúis, nó fiú cúl páipéar balla, tosaigh a léarscáiliú an turais. I ngrúpaí, roghnaigh fad den turas agus tosaigh a dhéanamh sceitsí de na híomhánna a d'fhéadfaí dul tharstu. Úsáid eolas ar dhath agus ar chruth leis an eolas amhairc a chríochnú. Cuirfidh sin taifead an turais ar fáil.

Athbhreithnigh an píosa críochnaithe oibre agus cuir ceisteanna, mar 'Cad é mar a mhothaím dá bharr?', 'Cad chuige?', 'An bhfuil patrúin ann?', 'Cad iad na patrúin a bhfuil cuma mhaith orthu?', 'Cad é a d'fhoghlaim mé nárbh eol dom roimhe?'

## FUAIMEANNA TAISTIL

### Rúin Foghlama Mholta

- A thuiscint go dtig fuaim a úsáid le héifeacht a chruthú.
- Bheith feasach ar an dóigh a gcruthaíonn ceoltóirí atmaisféar.

### Gníomhaíochtaí Molta

Taifead fuaimeanna tráchta sa timpeallacht áitiúil agus athchruthaigh iad ag úsáid guthanna agus uirlisí.

Cruthaigh fíorthuras nó ceann samhlaíoch agus tarraing an turas ó cheann go ceann, mar shampla, an turas chun na scoile, turas síos bóthar na mbrící buí ag Dorothy, an turas tríd an choill a rinne Cochaillín Dearg nó turas ón bhaile go háit saoire.

Úsáid bogearraí mar Colour Magic le bealach chun na scoile a tharraingt. Scríobh scéal bunaithe ar an turas seo. Roghnaigh uirlis le fuaimeanna gnéithe éagsúla ar an bhealach a léiriú agus an líníocht mar scór agat. Úsáid 'Compose World Junior' le cumadóireacht an turais fhuaime a chleachtadh, a ghníomhú agus a thaifeadadh. Pléigh na cumadóireachtaí aonair, ag díriú ar fheabhsuithe a thiocfadh a dhéanamh.

Éist le ceol a scríobhadh go háirithe le turais a léiriú, mar shampla, 'Traein Bheag Chapiri' le Villa-Lobos nó 'Pictiúir i dtaispeántas' le Mussorgsky. Pléigh an rud a d'fhéadfadh na cumadóirí bheith a mhothú le linn na dturas.

Pléigh turais shonracha a rinne tú. Aimsigh píosaí ceoil a cheanglaíonn tú leis na turais seo. Cruthaigh pictiúr fuaime turais trí do chomharsanacht féin, mar shampla, turas ó Bhéal Feirste go Port Rois nó turas fud na cathrach.

<u>**Tugtar Faoi Deara**</u>
**Do ghníomhaíochtaí eile tagair, le do thoil, d'Aonad Téamach CCSM 'The Dream Train'.**

Curaclam Thuaisceart Éireann

# TURAIS

## TURAS NA BEATHA

### Rúin Mholta Foghlama

- Meas a bheith agat ar na difríochtaí móra idir daoine.
- Bheith feasach ar chuid de na hathruithe a mhothaíonn daoine le linn a n-óige.

### Gníomhaíochtaí Molta

Úsáid teicníc 'suíochán te' le trí aois dhifriúla a léiriú: leanbh, páiste 4/5 bliana agus aosach.

Léigh agus taiscéal rogha de scéalta a léiríonn turas na beatha, mar shampla, 'Dear Daddy'.



**Eochairchéim: 1/2 Blianta : 4/5**

**Na hEalaíona**
- turais fuaime;
- ceoltóirí cáiliúla;
- cruth, dath agus patrún;
- tarraingt agus péintéireacht.

**Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint**
- turas tríd an bheatha;
- sábháilteacht le linn taistil;
- difríochtaí náisiúnta;
- sochaí ilchultúrtha.

**An Domhan Thart Orainn**
- idirspleáchas;
- áit;
- gluaiseacht agus fuinneamh;
- athrú le ham.

**Corpoideachas**
- cruthaigh damhsa;
- gníomhaíochtaí agus gluaiseachtaí a bhaineann le turais;
- treoleanúint.

**FÓCAS**

Taiscéalann na páistí an dóigh agus an chúis a ndéanamid turais agus na héifeachtaí a bhíonn acu ar shaol daoine eile agus ar ár saol féin. Taiscéalann siad a dturas féin tríd an saol agus cuireann siad eolas ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí a mhaireann ina gcomharsanacht féin agus machnaíonn siad ar na buntáistí a bhaineann le cónaí i sochaí ilchineálach. Iarrtar orthu tástáil agus seo a léiriú tríd an cheol agus an ealaín.

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
+44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk

Rewarding Learning



# TURAS TRASNA THUAISCEART ÉIREANN

## Rúin Mholta Foghlama

- Bheith feasach ar a n-oidhreacht chultúrtha féin.
- Cultúr agus traidisiúin daoine eile a aithint agus meas orthu a léiriú.

## Gníomhaíochtaí Molta

Úsáid teilgeoir sonraí nó clár bán digiteach le léarscáil mhór dhigiteach Thuaisceart na hÉireann a thaispeáint. Pléigh agus lipéadaigh limistéir éagsúla, mar shampla, an áit a gcónaíonn siad, áiteanna a ndeachaigh siad ar cuairt, nó atá ar eolas acu ón teilifís.

Faigh eolas ar dhifríochtaí in éadaí, in aiste bia, i gcreidimh, agus i dteanga, grúpaí difriúla reiligiúin a mhaireann ann agus difríochtaí eitneacha atá ansin. Cuir lipéid, bunaithe ar thorthaí an taighde, ar an léarscáil. Machnaigh ar na torthaí agus aimsigh patrúin agus dóigheanna a bhfuilimid ceangailte.

Smaoinigh ar bhuntáistí cónaí i sochaí ina bhfuil cultúir agus féiniúlachtaí éagsúla.

Smaoinigh ar cad é mar a bheadh sé cónaí i sochaí mar a gcaitheann gach duine na héadaí céanna, a labhraíonn siad an teanga chéanna, a n-itheann siad an bia céanna, nó a mbíonn na creidimh chéanna acu.

I mbeirteanna nó i ngrúpaí, pléigh an dóigh ar mhaith leo go gcaithfeadh daoine eile leo. Machnaigh ar shamplaí luachanna agus eitice, mar atá sa Chríostaíocht: "Caith le daoine eile mar ba mhaith leat go gcaithfeadh siad leat" nó sa Hiondúchas "Seo iomlán an dualgais: Ná déan aon rud ar dhaoine eile a ghortódh thusa dá ndéanfaí ort é". Cuardaigh samplaí eile as timpeall an domhain.

Aimsigh sampla amhráin a chuireann luachanna duine éigin in iúl, mar shampla, 'The Greatest Love of All' le Whitney Houston. Cruthaigh cód, amhrán, gligín nó mana a chuireann in iúl luachanna agus creidimh phearsanta a spreagfadh dea-chaidrimh, tuiscint agus caoinfhulaingt. Léirigh agus cuir an obair i láthair an ranga. Déan machnamh agus measúnaigh iarrachtaí a chéile.

Pleanáil agus ullmhaigh lá nó seachtain ilchultúrtha sa scoil le dea-chaidrimh a chothú agus tuiscint a chur chun cinn. Cuir cuireadh ar bhaill de phobal na háite ó chultúir éagsúla. Taighid bianna a itear a léiríonn náisiúntachtaí éagsúla agus mol biachlár don tseachtain a léireoidh cineálacha éagsúla cócaireachta. Tionóil 'Lá Feistis Náisiúnta agus Idirnáisiúnta'. Cuir eolas ar ghrúpaí áitiúla ealaíne nó amharclainne a chothaíonn tuiscint chultúrtha agus iarr orthu bheith i láthair.

# AN dTIG LIOM MO THURAS A DHÉANAMH NÍOS SÁBHÁILTE?

## Rúin Mholta Foghlama

- Na rialacha agus na dóigheanna le fanacht sábháilte a thuiscint.

## Gníomhaíochtaí Molta

Úsáid an féilire sábháilteachta ar bhóithre leis na príomhchontúirtí a aithint a chuirtear i láthair ar bhonn seachtainiúil. Léirigh a oiriúnaí atá teachtaireacht na sábháilteachta ar bhóithre dá gceantar agus dá gcomharsana. Pleanáil agus déan póstaer a aibhsíonn ceisteanna sábháilteachta.

**Scileanna Coisí**
Pleanáil bealach sábháilte chun na scoile, agus faoi rialú géar, cleacht scileanna trasnaithe bóthair i gcásanna éagsúla. Ceap straitéis le cuidiú a iarraidh in éigeandáil.

**Scileanna Paisinéara**
Glac páirt i gcásanna rólghlactha a bhaineann le taisteal sábháilte. Aithin iompar freagrach le linn taistil agus cad é a dhéanfá in am éigeandála. Foghlaim an dóigh le málaí agus bagáiste a stóráil go sábháilte i gcarranna, ar bhusanna agus ar thraenacha.

**Aithint agus Seachaint Contúirte**
Scrúdaigh an ceantar agus aithin na háiteanna is sábháilte le súgradh agus le trasnú agus luaigh cúiseanna a mbeadh siad níos sábháilte. Amharc ar an cheantar agus aithin na láithreacha contúirte le súgradh agus le trasnú, agus luaigh cúiseanna a mbeadh siad níos contúirtí.

Úsáid cásanna faoi rialú géar le bóithre gnóthacha agus ciúine sa cheantar a aithint nó le ceamaraí gréasáin tráchta cathrach a aimsiú (féach áiseanna) agus cuid de na contúirtí a bhaineann le gach cás. Iarr ar dhuine den Roinn Comhshaoil caint a thabhairt ar an obair a dhéanann siad ag iarraidh rialú tráchta a fheabhsú.

Curaclam Thuaisceart Éireann

# TURAIS

## AN CEANTAR S'AGAINNE

### Rúin Mholta Foghlama

- Turas earra a táirgeadh sa cheantar a leanúint.
- Bheith eolach ar an dóigh le léarscáil a úsáid.
- An gá atá le seirbhísí riachtanacha a thuiscint.
- An próiseas a bhaineann le hearraí de dhéantús na háite a aithint.

### Gníomhaíochtaí Molta

Úsáid léarscáil áitiúil leis an scoil a aimsiú agus úsáid airde compáis thuaidh, theas, thoir agus thiar le turas a leanúint ón bhaile go dtí an scoil. Dear turas ag úsáid 'Roamer' ón scoil go dtí comharthaí éagsúla suntais de chuid na háite.

Cuir i gcomparáid agus i gcodarsnacht léarscáil áitiúil le ceann ón am a chuaigh thart. Pléigh an t-eolas a thig linn a fháil ón am a d'imigh ag úsáid léarscáileanna.

Tabhair cuairt ar áiléir Eitneagrafacha in iarsmalann le heolas a fháil ar thurais chlúiteacha, mar shampla, turas an Girona, long taisce de chuid na hArmáide a chuaigh go tóin poill amach ó Chlochán an Aifir in 1588 (Iarsmalann Uladh).

Úsáid foinsí traidisiúnta agus/nó digiteacha le fáil amach faoi thuras earra de dhéantús na háite, mar shampla, brioscáin, geansaí olla, táirgí déiríochta nó uisce buidéalaithe agus/nó seicheamhaigh turas seirbhíse riachtanaí sa cheantar, mar shampla, an tseirbhís poist nó na seirbhísí bailithe bruscair.

Úsáid bogearraí TEC mar 'Let's Go Katie' nó 'Trudy's Time and Place' le fadhbanna simplí a bhaineann le ham a fhuascailt.



Eochairchéim: 1/2 Blianta : 4/5

**Na hEalaíona**
- turais fuaime;
- ceoltóirí cáiliúla;
- cruth, dath agus patrún;
- tarraingt agus péintéireacht.

**Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint**
- turas tríd an bheatha;
- sábháilteacht le linn taistil;
- difríochtaí náisiúnta;
- sochaí ilchultúrtha.

**An Domhan Thart Orainn**
- idirspleáchas;
- áit;
- gluaiseacht agus fuinneamh;
- athrú le ham.

**Corpoideachas**
- cruthaigh damhsa;
- gníomhaíochtaí agus gluaiseachtaí a bhaineann le turais;
- treoleanúint.

**FÓCAS**

Taiscéalann na páistí an dóigh agus an chúis a ndéanamid turais agus na héifeachtaí a bhíonn acu ar shaol daoine eile agus ar ár saol féin. Taiscéalann siad a dturas féin tríd an saol agus cuireann siad eolas ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí a mhaireann ina gcomharsanacht féin agus machnaíonn siad ar na buntáistí a bhaineann le cónaí i sochaí ilchineálach. Iarrtar orthu tástáil agus seo a léiriú tríd an cheol agus an ealaín.

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
+44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk

Rewarding Learning



## SAOIRE

### Rúin Mholta Foghlama

- A thuiscint go bhfuil difríochtaí follasacha idir an aimsir chaite agus anois.
- An dóigh agus an fáth a dtarlaíonn athrú le himeacht ama a aithint.
- Bheith in ann léarscáil a úsáid.
- Eolas allamuigh a thaifeadadh, a chur i láthair agus a phlé.
- Bheith in ann torthaí a úsáid le conclúidí a tharraingt nó comparáidí a dhéanamh.

### Gníomhaíochtaí Molta

Déan dianscrúdú ar réimse ceann scríbe saoire, úsáid 'Junior World Atlas' leis na cinn scríbe a aimsiú.

Déan suirbhé ar chinn choitianta scríbe saoire, san áireamh, mar shampla, áitiúil agus Eorpach. Breathnaigh na gléasanna éagsúla taistil, fad cuairte, líon na gcuairteanna, fad an turais, an aimsir, nó gníomhaíochtaí atá ar fáil. Úsáid bogearraí TFC mar 'First Workshop' nó 'Information Workshop 2000' leis na sonraí a thaifeadadh nó cuir le chéile barra-chairteacha ag úsáid scálaí oiriúnacha agus á lipéadú mar is ceart, ag úsáid 'Numberbox 2'. Scrúdaigh na cairteacha le fáil amach, mar shampla, an ceann scríbe is coitianta nó an gléas taistil is coitianta.

Faigh eolas ar laethanta saoire san am a d'imigh. Cuir agallamh ar bhaill níos sine sa phobal leis an taithí s'acu a chluinstin. Cuir seo i gcomparáid agus i gcodarsnacht le saoire an lae inniu.

Dear an tsaoire ab ansa leat.

## POIST A BHAINEANN LE TAISTEAL

### Rúin Mholta Foghlama

- An dóigh a mbíonn daoine idirspleách a aithint.
- Bheith eolach ar chuid de na freagrachtaí a bhaineann le poist éagsúla.

### Gníomhaíochtaí Molta

Déan dianscrúdú ar chineálacha daoine a chuidíonn linn agus muid ag dul ar saoire, mar shampla, gníomhairí taistil, ionadaithe saoire, criú cábáin nó foireann óstáin. Taiscéal post a roghnaíodh agus faigh amach faoina gcuid ról. Smaoinigh ar na scileanna atá de dhíth do na poist seo agus úsáid am ciorcail le scileanna a chéile a roinnt.

Iarr ar dhuine ón tionscal taistil a ról a phlé, faigh amach faoi na codanna maithe dá gcuid oibre agus na codanna nach bhfuil chomh maith sin. Úsáid ceamara digiteach nó físeán digiteach le taifeadadh. Roghnaigh ról áirithe, agus úsáid bogearraí TFC mar 'Young Writers' Workshop' le próifíl carachtair a chruthú a léiríonn na cáilíochtaí a theastaíonn ón duine.

Déan rólghlacadh cásanna agallaimh.

Dear éide a d'oirfeadh don ról, agus dear lógó cuí.

Taiscéal oibrithe inimirce i dTuaisceart Éireann, cá has a dtagann siad, cad chuige a dtagann siad ag obair i dTuaisceart Éireann agus an cineál saoil a bheadh ag oibrí inimirce i dTuaisceart Éireann (www.bigpic.biz).

## IOMPAR

### Rúin Mholta Foghlama

- Bheith eolach ar úsáid réimse foinsí traidisiúnta agus digiteacha don taighde.
- Bheith eolach ar an dóigh ar athraigh iompar le himeacht ama.
- A aithint go mbíonn níos mó ná aon dearcadh amháin ann.
- A thuiscint go gcuireann solas agus fuaim eolas ar fáil.
- A thuiscint go bhfuil próiseas fadhbréitígh i gceist i ndearadh agus i ndéanamh.
- A thuiscint go dtreoraíonn plean an próiseas.

### Gníomhaíochtaí Molta

Úsáid foinsí traidisiúnta agus/nó digiteacha le taighde a dhéanamh ar na cineálacha iompair ba choitianta san am a chuaigh thart. Roghnaigh cineál amháin iompair agus fiosraigh an dóigh ar athraigh sé le himeacht ama, mar shampla, tabhair cuairt ar iarsmalann iompair. Bailigh íomhánna de chineál áirithe iompair thar thréimhse ama agus cuir ar amlíne iad.

Faigh eolas ar dhaoine clúiteacha san am a chuaigh thart a cheap cineálacha iompair, mar shampla, George Stevenson agus 'An Roicéad' agus taiscéal tuairimí éagsúla daoine san am.

Tabhair cuairt ar Iarsmalann Iompair Uladh nó áiléar na long ag Daonpháirc Uladh Mheiriceá.

Faigh eolas ar dhaoine clúiteacha san am a chuaigh thart, mar shampla, ar an 'Titanic', 'Ellen Macarthur' nó 'Turas na dTaoiseach'.

Aithin na cineálacha éagsúla iompair a úsáideann páistí an ranga, mar shampla, le dul ar saoire, le dul a shiopadóireacht, le cuairt a thabhairt ar ghaolta. Roghnaigh cineál iompair a bhfuil eolas air, mar shampla, bus na scoile. Cén dóigh agus cén fáth a n-úsáidimid an bus mar ghléas iompair (le dul chun na scoile, le dul ar thurais ranga, mar sheirbhís phoiblí)? I ngrúpaí beaga liostaigh ar a laghad, trí bhuntáiste agus trí mhíbhuntáiste le húsáid busanna. Breathnaigh ar fhíorbhus lena fháil amach cad é mar thugann soilse comharthaí, san áireamh, soilse gealánacha táscaire, soilse dearga coscáin agus soilse bána cúlaithe. Smaoinigh ar an dóigh a dtugann soilse comharthaí sa timpeallacht, mar shampla, soilse tráchta, soilse gealánacha otharchairr. Aithin líon na scáthán ar an bhus agus faigh amach cén fheidhm a bhaineann an tiománaí astu. Faigh amach 'Cad é an caochspota?' Fad sábháilte uaidh, éist le fuaim an bhus. An athraíonn an fhuaim agus é ag taisteal/cúlú/ar róluas/stad i dtobainne? Cad é mar thugann an bus comharthaí rabhaidh do thiománaithe eile/choisithe? Cad é mar a lasann an tiománaí na soilse? Cad é a tharlódh dá bhfágfadh an tiománaí na soilse ar obair thar oíche?

**<u>Tugtar Faoi Deara</u>**
**Do ghníomhaíochtaí eile tagair, le do thoil, d'Aonad Téamach CCSM 'The Dream Train'.**

Curaclam Thuaisceart Éireann

# TURAIS



Eochairchéim: 1/2 Blianta : 4/5

## Na hEalaíona
- turais fuaime;
- ceoltóirí cáiliúla;
- cruth, dath agus patrún;
- tarraingt agus péintéireacht.

## Forbairt Phearsanta & Comhthuiscint
- turas tríd an bheatha;
- sábháilteacht le linn taistil;
- difríochtaí náisiúnta;
- sochaí ilchultúrtha.

## An Domhan Thart Orainn
- idirspleáchas;
- áit;
- gluaiseacht agus fuinneamh;
- athrú le ham.

## Corpoideachas
- cruthaigh damhsa;
- gníomhaíochtaí agus gluaiseachtaí a bhaineann le turais;
- treoleanúint.

## FÓCAS

Taiscéalann na páistí an dóigh agus an chúis a ndéanamid turais agus na héifeachtaí a bhíonn acu ar shaol daoine eile agus ar ár saol féin. Taiscéalann siad a dturas féin tríd an saol agus cuireann siad eolas ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí a mhaireann ina gcomharsanacht féin agus machnaíonn siad ar na buntáistí a bhaineann le cónaí i sochaí ilchineálach. Iarrtar orthu tástáil agus é seo a léiriú tríd an cheol agus an ealaín.

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
+44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk

Rewarding Learning



# TURAIS

## Rúin Mholta Foghlama

- Bheith in ann tástáil le réimse gníomhaíochtaí coirp.
- A thuiscint go dtig le ceol agus damhsa idéanna, taghdanna agus mothuithe a chur in iúl.
- Bheith eolach ar an dóigh lena ngluaiseachtaí agus cuid daoine eile a mheasúnú agus a fheabhsú.
- Bheith in ann róid agus conairí a leanúint, á dtreoleanúint féin le rath.

## Gníomhaíochtaí Molta

**Timpeall an Domhain in Ochtó Lá**

Tá sé seo bunaithe ar scéal an fhiaire feá domhanda in aois Victeoiria, Phileas Fogg. Tig le páistí dul ar thuras damhsa ar fud an domhain.

Tig leis na páistí damhsa ó náisiún eile a thriail gach seachtain.

**Dul ar Thuras**

Spreag na páistí le smaoineamh ar an dóigh a mothódh sé duine dá bhfuil grá agat a fhágáil le dul ar thuras. Tá teanga chorraitheach in imeacht ar scairdeitleán a dtig le páistí freagairt di le gothaí agus gníomhaíochtaí ('Leaving on a Jet Plane' le John Denver, 'So Long Farewell' ó The Sound of Music).

**Tollán Ama**

Úsáid 'Doctor Who' mar spreagadh le casadh siar san am.

Roimh ré, pléigh leis na páistí tréimhse sa stair ar a bhfuil siad ag dul ar cuairt, mar shampla, Scéal Chruthú an Domhain - The Songs of Ancient Earth - Mike Oldfield
Seansibhialtachtaí - Fear na Clochaoise - fonn téama Flintstones
Éigiptigh - 'Walk Like an Egyptian' (Bangles)

Gabh chun tosaigh san am trí fhreagairt go dearfach don Spástaisteal, mar shampla, úsáid fonn téama Star Wars, X Files nó Space Odyssey.

**Treoleanúint**

Aimsigh rudaí ar líníocht nó léaráid trí aithint siombailí. Pléigh an dóigh le léaráid nó léarscáil a choinneáil nó a threoshuí.

Úsáid léaráid nó léarscáil le taisteal ó bhun ruda agus ar ais arís. Lean bealach agus féach leis an áit a bhfuil siad a aithint.

Glac na páistí ar thuras thimpeallacht na scoile. Bíodh an scoil ina bunáit agus cruthaigh tóraíocht taisce thart timpeall uirthi.

## Gníomhaíochtaí Molta

**Crosaire na hAbhann Fiáine . . .**

Cuir suas fearas a léireodh trasnú abhann agus iarr ar na páistí a bheartú cén dóigh a dtrasnódh siad an abhainn gan baint den urlár. Déan triail le gluaiseachtaí agus trealaimh éagsúla.

Anois, ag obair i ngrúpaí, déan an ghníomhaíocht chéanna ag oibriú amach an dóigh is fearr leis an trasnú a dhéanamh. Amharc ar ghrúpa a chéile agus pléigh na rudaí a rinne siad.

Curaclam Thuaisceart Éireann

# TURAIS

## Áiseanna Digiteacha

### Bogearraí TFC

Fresco
Colour Magic 2
Let's Go Katy

### Suímh Ghréasáin Mholta

**www.oxfam.org**

**www.bbc.co.uk/world service/people/features/children's rights**

**www.scfuk.org.uk (Save the Children)**

**www.corrymeela.org.uk**

**www.comicrelief.com**

**www.community-relations.org.uk**

**www.incentives.co.uk**

**www.niclr.com/interlinks**

**www.mencap.org.uk**

**www.cricksoft.com**

**www.welltown.gov.uk**

**www.trafficwatchni.com/traffic_cameras.asp traffic web cameras**

**www.safety-for-all.com/kids/index.htm**
Renault: Safety for all site

**www.roads.dft.gov.uk/roadsafety/hcyoung** Online highway code for children

**http://www.csep.iit.edu/codes/codes.htlm**

-(Values and ethics)

**www.bigpic.biz**
(One World Centre Citizenship website for kids)

**www.ulsterfolkpark.comchildrens_corner**

**http://freespace.virgin.net/c.waudby/downloads.html**

**www.ga.wikipedia.org** (Wikipedia i nGaeilge)

**www.oileain.ie**

**www.logainm.ie**

**www.gaelsaoire.ie**

**www.colmcille.net/map-intro-ge.html**
(Léarscáil na hÉireann agus Alban)

**www.irelandsislands.com**

**www.daltai.com/sf_eile.htm**

**www.ceim.gaa.ie/menranganna.html**
(Nótaí do mhúinteoirí agus leathanaigh oibre ar ghnéithe éagsúla den churaclam)

**www.ceim.gaa.ie/ardranganna.html**
(Nótaí do mhúinteoirí agus leathanaigh oibre ar ghnéithe éagsúla den churaclam)

**www.makebeliefscomix.com/**
(Is féidir greannán a chumadh i nGaeilge ar an suíomh seo)

**www.bbc.co.uk/cbeebies/boogiebeebies/world/**
(Físeáin de dhamhsaí difriúla domhanda – i mBéarla)

**www.somethingfishy.ie/**
(Suíomh ar uisce agus ar shaolré an bhradáin)

**www.learningni.net Staffroom → Gaelscolaíocht → Eochairchéim 2 → CEILIÚRAIMIS!**
( Fiosrú ar na féilte éagsúla i dTuaisceart Éireann)

**www.learningni.net Staffroom → Gaelscolaíocht → Eochairchéim 2 → AG FÁGÁIL AN BHAILE**
( Fiosrú ar eisimirce ó Éirinn)

**www.learningni.net Staffroom → Gaelscolaíocht → Eochairchéim 2 → BLASANNA AN DOMHAIN**
( Fiosrú ar na cineálacha difriúla bia a bhaineann le cultúir dhifriúla ar fud an domhain).

**http://www.nicurriculum.org.uk/docs/key_stages_1_and_2/irish_medium/areas_of_learning/the_world_around_us/titanic_irish.pdf**

**http://194.149.76.112/COGG/StuDentMaterials/stm.aspx?id=311**
(Réimse mhaith nuachtlitreacha 'Euraka 2' ó COGG): 2.3 'Gleo Glór Fothram Callán Torann', 2.4 'Suas Leat' 2.13 'Báid agus Longa', 2.18 'Ceiliúradh'

# Áiseanna Digiteacha

## Suímh Ghréasáin Mholta

**http://194.149.76.112/COGG/StuDentMaterials/stm.aspx?id=312** (Réimse mhaith nuachtlitreacha 'Euraka' ó COGG): 3.25 'Eolaíocht na nÉigipteach'

**www.cogg.ie/StudentMaterials/stm.aspx?id=325**
(An Stair Mórthimpeall Orm: Áiseanna an Mhúinteora)

**www.epa.ie/researchandeducation/education/primary/**
(Áiseanna do pháistí ar an Timpeallacht)

**www.bbc.co.uk/irish/video/gaeilge/**
(Réimse leathan de shuímh gréasáin agus fhiseáin)

**www.bbc.co.uk/irish/articles/view/359/gaeilge/**
(Físeán ar 'Oileán Thoraí')

**www.bbc.co.uk/irish/articles/view/404/gaeilge/**
(Físeán ar 'Teanga Chomharthaíochta')

**www.bbc.co.uk/irish/articles/view/637/gaeilge/**
(Físeán ar 'Tionscadal na Saimbia / Project Zambia' – 6 fhíseán ar fad')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/437/gaeilge/**
(Físeán ar 'Húicéir na Gaillimhe')

**www.bbc.co.uk/irish/articles/view/403/gaeilge/**
(Físeán ar 'Compántas Amharclainne Fibín' – Compántas Drámaíochta don Aos Óg)

**www.bbc.co.uk/irish/articles/view/675/gaeilge/**
(Físeán ar 'Oireachtas na Gaeilge')

**www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/** (Físeáin ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire – Snámh / Peil / Damhsa Gaelach / Ceol / Liathróid Láimhe agus Seoltóireacht')

**www.bbc.co.uk/irish/articles/view/400/gaeilge/**
(Físeán ar 'Lá na bPancóg / Máirt na hInide')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/558/gaeilge/**
(Físeán ar 'Turas Snámha Timpeall na hÉireann')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/114/gaeilge/**
(Físeán ar 'Damhsa Sean-Nóis')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/93/gaeilge/**
(Físeán ar 'La Trinidad Valencera' - long chogaidh de chuid Armada na Spáinne, a chuaigh go tóin na farraige amach ó chósta Dhún na nGall, sa bhliain 1588.)

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/384/gaeilge/**
(Físeán ar 'An Bhriotáin')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/429/gaeilge/**
(Físeán ar 'Corn na Breataine')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/292/gaeilge/**
(Físeán ar 'Asturias')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/442/gaeilge/**
(Físeán ar 'Oileán Mhanainn')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/499/gaeilge/**
(Físeán ar 'An Bhreatain Bheag Thuaidh')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/438/gaeilge/**
(Físeán ar 'Glaschú')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/723/gaeilge/**
(Físeán ar 'Oileán Íle', atá suite idir Éire agus Albain)

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/498/gaeilge/**
(Físeán ar 'Iúr Cinn Trá')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/532/gaeilge/**
(Físeán ar 'San Diego')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/504/gaeilge/**
(Físeán ar 'Nua Eabhrac')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/363/gaeilge/**
(Físeán ar 'Bostún')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/326/gaeilge /**
(Físeán ar 'Alexandria, Virginia')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/460/gaeilge/**
(Físeán ar 'Chicago')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/497/gaeilge/**
(Físeán ar 'Nua Eabhrac 9/11')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/497/gaeilge/**
(Físeán ar 'Nua Eabhrac 9/11')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/452/gaeilge/**
(Físeán ar 'An Ostair')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/111/gaeilge/**
(Físeán ar Ollscoil Notre Dame, Indiana)

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/508/gaeilge/**
(Físeán ar 'Parás')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/471/gaeilge/**
(Físeán ar 'Inbhear Nis, an Albain')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/455/gaeilge/**
(Físeán ar 'Barcelona')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/525/gaeilge/**
(Físeán ar 'An Eilvéis')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/386/gaeilge/**
(Físeán ar 'Amstardam')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/536/gaeilge/**
(Físeán ar 'An Róimh')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/433/gaeilge/**
(Físeán ar 'Logainmneacha Bhéal Feirste)

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/529/gaeilge/**
(Físeán ar Iontaobhas Spiorad Inis Ceithleann' – Iontaobhas a thugann Caitlicigh agus Protastúnaigh óga le chéile.)

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/473/gaeilge/**
(Físeán ar 'Taispeántas 'Irish at War' ' – in Iarsmalann Uladh)

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/520/gaeilge/**
(Físeán ar 'Turasóireacht in Iarthar Bhéal Feirste')

## Áiseanna Digiteacha

### Suímh Ghréasáin Mholta

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/435/gaeilge/** (Físeáin ar 'Ealaín na Gaeltachta)

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/461/gaeilge/** (Físeán ar 'Ciarán Sweeney' – dearthóir Éireannach)

**www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/** (Suíomh agus Físeáin ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire' –Ceol (Físeán 4)

**www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/** (Físeán ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire' –Ceol Traidisiúnta (Físeán 5)

**www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/** (Físeán ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire' –Rac-Cheol Físeán 6)

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/505/gaeilge/** (Físeán ar 'Nollaig Brolly' - ceoltóir agus amhránaí ó Dhún Geimhin)

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/379/gaeilge/** (Físeáin ar 'Allan Mac Donald' - píobaire clúiteach as Albain)

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/310/gaeilge/** (Físeán ar 'Píobairí Ard Mhacha')

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/459/gaeilge/** (Físeán ar 'Capoeira' – ealaín/damhsa ó thraidisiún na Brasáile)

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/468/gaeilge/** (Físeán ar 'Havana'che' – ceol agus Damhsa ó Chúba)

**www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/91/gaeilge/** (Físeán ar 'Patsy Dan, Rí Thoraigh')

## Áiseanna Traidisiúnta

### Leabhar/Áiseanna Teagaisc

**The Dream Train,** CCEA, A Thematic Unit linked to 'Journeys'

**Primary Values** (CCEA:2001)

- Something Else
- The First Ship in the Sea
- Scrapbook Summer
- The Second Princess

**Real Health for Real Lives: Ages 6-7 Bk.2 (Health for Life),** Noreen Whetton and Adrian King (Nelson Thomas: 2002)

**The Dream Train,** CCEA, A Thematic Unit linked to 'Journeys'

**Primary Values** (CCEA:2001)

- Something Else
- The First Ship in the Sea
- Scrapbook Summer
- The Second Princess

**Real Health for Real Lives: Ages 6-7 Bk.2 (Health for Life),** Noreen Whetton and Adrian King (Nelson Thomas: 2002)

**Look after Yourself (series),** (Heinemann Library:2004)

**Going on a Trip,** Karen Bryant-Mole (Wayland:1999)

### Clos/Amhairc (Téacsanna Meán)

**'All about Us - Same Difference'** (Channel 4 Learning)

**Leaving on a Jet Plane**, John Denver (Cherry Lane Music Publishing Co.) Inc. - ASCAP

**The Sound of Music** (Words by Oscar Hammerstein, Music by Richard Rogers)

**Dr Who Theme Tune** Ron Gardner arr. Peter Howell

**Dlúthdhiosca 1 agus 2**, (An Gúm: 2008) ISBN: 9781857917376

**Peigín Leitir Móir – Amhráin agus Rannta Traidisiúnta Gaeilge**, Tadhg Mac Dhonnagáin agus John Ryan (Futa Fata: 2005) ISBN: 9780955098376

**A Stór is a Stóirín – Amhráin do Pháistí**, Pádraigín Ní Uallacháin (Gael Linn)

**Turas Farraige**, Fístéip (Gaeil Uladh)

# TURAIS

## Áiseanna Traidisiúnta

| Leabhar/Áiseanna Teagaisc | Clos/Amhairc (Téacsanna Meán) |
|---|---|
| **Orienteering for the Curriculum: a practical guide**, C McNeill (Harveys: 1992)<br>**Céim ar Chéim 4 – Déan Eitleog**, (An tÁisaonad: 2002) ISBN: 0790129817<br>**Céim ar Chéim 5 – Stad agus Scéalta Eile**, (An tÁisaonad: 2000) ISBN: 079013005<br>**Céim ar Chéim 6 - Turas Oscair**, (An tÁisaonad: 2000) ISBN: 0790130114<br>**Céim ar Chéim 8 - Turas sa Spás**, (An tÁisaonad: 2000) ISBN: 0790130246<br>**Céim ar Chéim 11 – Tiománaí Traenach**, (An tÁisaonad: 2000) ISBN: 0790130351<br>**Céim ar Chéim 12 – Déan Tuar Ceatha**, (An tÁisaonad: 2004) ISBN: 0790130440<br>**Céim ar Chéim 13 – Súil ar do Chorp**, (An tÁisaonad: 2000) ISBN: 0790130475<br>**Céim ar Chéim 13 - Turas Eoin**, (An tÁisaonad: 2000) ISBN: 0790130491<br>**Céim ar Chéim 16 – An Sciobaire Bróg**, (An tÁisaonad: 2004) ISBN: 0790130645<br>**Luaithríona – I bhFad Níos Mó Ná Scéal**, - (An tÁisaonad: 2006) ISBN: 0732745489<br>**Cochaillín Dearg – I bhFad Níos Mó Ná Scéal**, - (An tÁisaonad: 2006) ISBN: 0732745462<br>**Na Trí Ghabhar Ghrusacha – I bhFad Níos Mó Ná Scéal**, - (An tÁisaonad: 2008) ISBN: 0732745454<br>**Rogha Gach Bia**, (An tÁisaonad: 2000) ISBN: 9780732747459<br>**Súil Ghrinn**, (An tÁisaonad: 2007) ISBN: 139780732747435<br>**Réitigh É**, – (An tÁisaonad: 2000) ISBN: 1903597013<br>**Fionn Mac Cumhaill – Taoiseach na Féinne**, - Tadhg Mac Dhonnagáin – (Cló Iar-Chonnachta 2006) ISBN 978 1 857916 67 6<br>**Rothair**, Kate Perry - (An Gúm i gcomhar le Oxfam 2006) ISBN: 1857916247<br>**Ag Taisteal le Tarlach sa tSeapáin**, Laoise Ní Chomhraí (An Gúm:2007) ISBN: 1857916190<br>**Cad é mar a Bhogann Siad**, (An tÁisaonad: 2000) ISBN: 9780077120689<br>**Seo an Eolaíocht – Fuaimeanna**, (An tÁisaonad: 2000) ISBN: 1903597045<br>**Seo an Eolaíocht – Do Chorp**, (An tÁisaonad: 2000) ISBN: 1903589037 | **'All about Us - Same Difference'** (Channel 4 Learning)<br>**Leaving on a Jet Plane**, John Denver (Cherry Lane Music Publishing Co.) Inc. - ASCAP<br>**The Sound of Music** (Words by Oscar Hammerstein, Music by Richard Rogers)<br>**Dr Who Theme Tune** Ron Gardner arr. Peter Howell<br>**Dlúthdhiosca 1 agus 2**, (An Gúm: 2008) ISBN: 9781857917376<br>**Peigín Leitir Móir – Amhráin agus Rannta Traidisiúnta Gaeilge**, Tadhg Mac Dhonnagáin agus John Ryan (Futa Fata: 2005) ISBN: 9780955098376<br>**A Stór is a Stóirín – Amhráin do Pháistí**, Pádraigín Ní Uallacháin (Gael Linn)<br>**Turas Farraige**, Fístéip (Gaeil Uladh) |

# TURAIS

## Áiseanna Traidisiúnta

| Leabhar/Áiseanna Teagaisc | Clos/Amhairc (Téacsanna Meán) |
|---|---|
| **Leonardo agus an Buachaill a d'Eitil,** (An tÁisaonad: 2001) ISBN: 1903597161<br>**Camille agus na Lusanna Gréine,** (An tÁisaonad: 2001) ISBN: 1903597110<br>**Marcella ar Saoire Grá,** Brighid Mc Laughlin, (An Gúm: 2008) ISBN: 9781857917277<br>**Gach Dath Faoin Spéir,** (Futa Fata 2009) ISBN: 9780955098383<br>**Gruaig ar Fud an Domhain,** (An Gúm 2006) ISBN: 1857916239<br>**Sa Bhaile,** (An Gúm 2006) ISBN: 1857916263<br>**An Leaba Sciathánach** Áine Ní Ghlinn, (An Gúm: 2001) ISBN: 185791413 9<br>**Léarscáil – Éire,** - (An Gúm) ISBN: 185791446 5<br>**Léarscáil – An Eoraip,** - (An Gúm) ISBN: 185791421X | |

## Eagraíochtaí

| Teagmhálacha Úsáideacha | Áiteanna Cuartaíochta |
|---|---|
| **Acmhainní Sábháilteachta ar Bhóithre TÉ le hOifigigh Oideachais Sábháilteachta ar Bhóithre an RC Guthán 028 3752 0773** | **Daon-Pháirc Uladh-Mheiriceá**<br>**Iarsmalann Uladh** |

Tugtar faoi deara gurb iad na háiseanna thuas na cinn a mhol na múinteoirí a raibh lámh acu i bhforbairt an SFN seo. Agus seo ag dul i gcló, tá na suímh ghréasáin mholta beo.

Curaclam Thuaisceart Éireann

# CUR LE FORBAIRT SCILEANNA

Ar fud na réimsí san SFN seo tá deiseanna le heispéiris a sholáthar a chuideodh le forbairt scileanna Cumarsáide, Úsáid na Matamaitice, Úsáid TFC agus Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta.

## Úsáid na Matamaitice

- Bileog breathnuithe agus modhanna scóir a úsáid le sonraí a bhailiú; an t-eolas seo a aistriú go tábla minicíochta;
- Barra-chairteacha ar aiseanna tugtha a éilíonn scálaí simplí a tharraingt agus a lipéadú;
- Sonraí a thaifeadadh agus a aimsiú agus TFC a úsáid agus an t-eolas a láithriú ar dhóigheanna éagsúla san áireamh, barra-chairteacha, píchairteacha agus picteagraim, cothrománach agus ingearach;
- Na dóigheanna éagsúla léiriúcháin a chur i gcomparáid;
- Treoracha le casadh trí dhronuillinneacha a thabhairt agus a thuiscint ag úsáid teanga mar deas, clé, deiseal, tuathal agus ceithre hairde an chompáis;
- Gléasanna in-ríomhchláraithe a úsáid le gluaiseacht agus treo a thaiscéaladh agus le tuiscint d’uillinneacha mar thomhas casaidh a léiriú;
- Pointí a bhreacadh ag úsáid comhordanáidí tugtha agus comhordanáidí na bpointí tugtha a aithint;
- Airde an chompáis thuaidh, theas, thoir agus thiar a fhad le 8 bpointe a úsáid;
- Meastacháin a dhéanamh d’aonaid chaighdeánacha, iad a aithint agus a úsáid le fad, meáchan, toilleadh agus am a thomhas;
- Teicnící don tomhas agus d’fheabhsú beachtais a phlé agus a fhorbairt;
- Taispeántais analógacha agus dhigiteacha a chur i gcomparáid do na sosanna uaire, leathuaire agus cúig nóiméad i ndiaidh na huaire;
- am agus pm a úsáid;
- Imeacht an ama idir dhá dháta nó am tugtha a aireachtáil;.

## Cumarsáid

- Éisteacht le agus freagairt go cuí don mhéid a deir daoine eile;
- Éisteacht le agus freagairt do chineálacha éagsúla ceisteanna agus/nó réimse spreagthachtaí;
- Labhairt agus éisteacht le daoine eile chun idéanna úra a ghiniúint;
- Labhairt le muinín mhéadaitheach i réimse gnáthchásanna;
- Stór focal a fhorbairt le smaointe agus tuairimí a chur in iúl;
- Stór focal oiriúnach a úsáid le smaointe, mothuithe agus samhluithe faoi eispéiris/imeachtaí a chur in iúl;
- Tosú a labhairt ar dhóigh struchtúrtha agus sheicheamhaithe ag cur céille in iúl go soiléir do lucht éisteachta;
- Idéanna agus eolas cuí a thabhairt ar an ábhar agus ar an chuspóir;
- Tosú a labhairt ar agus róil éagsúla i ngrúpa nó i bhfoireann a thuiscint;
- Teanga, céadfaí, gluaiseacht agus gotha a úsáid le linn ról a ghlacadh;
- Sraith treoracha a thabhairt/leanúint;
- Labhairt faoi agus/nó obair do dhaoine eile a thabhairt;
- Léamh le cuspóirí dearfacha chun cuidiú le tabhairt faoi thasc/ghníomhaíocht;
- Smaoineamh ar réimse féideartha foinsí le heolas a fháil agus a aimsiú;
- Freagairt do théacsanna ag tosú a úsáid fianaise téacsúla agus a bhaint tátal;
- Tosú a thabhairt tuairimí, mar shampla, do charachtair/imeachtaí, ag féachaint le cúiseanna a dtuairimí a thabhairt;
- Tosú a iontamhlú le carachtair, mothuithe, eispéiris, imeachtaí i réimse méadaitheach téacsanna;
- Eolas a fuair/léigh siad a roinnt le daoine eile, mionsonraí tacaithe éigin san áireamh;
- An méid a d’fhoghlaim siad sa léitheoireacht agus tuilleadh eolais a d’fhéadfadh bheith úsáideach a phlé;
- Plé go measartha grinn le daoine eile an méid a léadh/chonacthas sa rang, ag nochtadh tuairimí agus ag éisteacht le tuairimí daoine eile;
- Tosú a leagan amach céimeanna soiléire roimh ré;
- Réimse eolais agus idéanna a eagrú le soiléire éigin;
- Cinneadh ar agus tosú a úsáid foirme cuí, ag léiriú céille do struchtúr agus d’eagrú;
- Tosú a thaiscéaladh gnéithe éagsúla teanga agus láithrithe.

# Cur Le
# Forbairt Scileanna

## Úsáid TFC

- Téacs a chumadh agus a eagrú ar scáileán le hidéanna a chur in iúl agus a fhorbairt;
- Íomhánna nó fuaimeanna oiriúnacha a roghnú agus a úsáid agus téacs a chur leo agus/nó a nguthú féin;
- Eolas ó réimse foinsí agus áiseanna digiteacha tugtha a aimsiú, a roghnú, a eagrú agus a úsáid;
- Téacs a nascann fuaim agus/nó grafaicí a chruthú agus a eagrú;
- Sonraí a bhailiú agus a chur isteach, á láithriú i bhfoirm ghrafach agus ag déanamh breathnuithe;
- Obair a chur i láthair agus in iúl ar dhóigheanna éagsúla ag léiriú feasachta do lucht éisteachta agus do chuspóir;
- Sraith treoracha a dhéanamh agus a eagrú le fadhbanna a fhuascailt ag úsáid gléasanna nó timpeallachtaí digiteacha.

## Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtai Pearsanta

**Bainistiú Faisnéise:** Fiafraigh ceisteanna is dírithe ag úsáid a smaointe féin agus cuid daoine eile le heolas a aithint agus a aimsiú. Ceangal gníomhaíochtaí anois le heolas a fuarthas. Tosú a phleanáil na gcéad chéimeanna eile, ag roinnt tascanna ina bhfothascanna agus ag beartú spriocanna.

**Smaointeoireacht, Fadhbréiteach:** Achoimriú le tuiscint a léiriú. Seicheamhú, ordú agus rangú ar thoisí éagsúla. Déanamh comparáidí agus ceangal. Tástáil tuarthaí agus lorg fianaise. Giniúint roghanna agus moladh fuascailtí ar fhadhbanna. Bheith córasach le linn taisc. Míniú modhanna agus tuairimí, tabhairt fáthanna le roghanna agus gníomhaíochtaí.

**Bheith Cruthaitheach:** Glacadh ama le samhlaíocht a úsáid chun suilt. Léiriú fiosrachta, éisteacht le agus roinnt idéanna agus eispéireas. Giniúint idéanna agus roghanna, tógáil agus comhcheangal idéanna. Baint suilt as an neamhghnách, an ghnách agus an iontach. Eispéiris a bheith acu le hiomlán a gcéadfaí. Tástáil agus fiosrú ceisteanna san fhíorshaol.

**Ag Obair le Daoine Eile:** Forbairt nósanna comhfhoghlama. Léiriú an chumais foghlama ó ghníomhaíochtaí comhroinnte agus múnlaithe. Éirí sciliúil ar shealaíocht, chomhroinnt agus chomhoibriú. Cinneadh ar an rud a chaithfear a dhéanamh agus gabháil freagrachta pearsanta as gnéithe den obair. Léiriú cothrom agus meas ar mhothuithe agus idéanna daoine eile.

**Féin-Bhainistiú:** A sheiceáil go bhfuil siad ag cur cuspóra i gcrích trí labhairt ar a bhfuil siad a fhoghlaim. Seiceáil a gcuid oibre i gcomhair beachtais agus cruinnis. Feidhliú i dtascanna. Athbhreithniú an dóigh a ndearnadh an obair agus gné éigin di a thiocfadh a fheabhsú. Tosú a oibriú i dtreo spriocanna pearsanta. Lorg cuidithe ó dhaoine eile. Forbairt feasachta ar a láidreachtaí agus a laigí pearsanta.

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk
Rewarding Learning